Department of Education
www.education-ni.gov.uk

TransformED NI:
Transforming Teaching and Learning



# Ról Aird na nDaltaí:

## *Straitéisí ar mhaithe le fócas na ndaltaí a choinneáil, agus cur leis.*

InnerDrive

# RÓL AIRD NA NDALTAÍ

*Le InnerDrive*



Tosaíonn an fhoghlaim nuair a dhíríonn an té an aird s'aige. Gan é sin, b'fhéidir nach gcluinfeadh siad fán phróiseas. Seans go bhfeicfeadh siad ach nach dtuigfeadh siad. I seomraí ranga gnóthacha, ina mbogtar ó rud go rud eile go tapaidh, bíonn sé riachtanach aird na ndaltaí a choinneáil, ach bíonn sé ina dhúshlán é sin a dhéanamh fosta.
Cé go mbíonn athruithe nádúrtha ann san aird, bíonn múinteoirí ábalta a gcuid timpeallachtaí agus iompair a mhúnlú sa dóigh go gcuirtear le fócas na ndaltaí, agus go ndéantar rudaí a chuireann isteach air a laghdú.

San alt seo, fiosraítear trí réimse ar leith ón taighde atá déanta ar aird na ndaltaí; tógálacht airde, pleananna suíochán, agus taispeántais ranga. Tarraingíonn achan rannán ar phríomhstaidéir le cuidiú leat cinntí eolacha a dhéanamh fán dóigh le struchtúr a chur ar do chuid ceachtanna, agus timpeallachtaí ranga, bunaithe ar eolas.

## 1. TÓGÁLACHT AIRDE: EOLAÍOCHT AN FHÓCAIS CHOMHROINNTE

Ní hamháin uainne amháin a thagann an inniúlacht le haird a dhíriú, ach bíonn sí múnlaithe ag na daoine thart orainn.
Mar choincheap, bíonn an 'tógálacht airde' ag tagairt don bhealach inar féidir le leibhéal fócais dalta eile
tionchar a imirt ar a chomhscoláirí. Nuair a bhíonn foghlaimeoirí timpeallaithe ag daoine eile atá rannpháirteach, dírithe ar an tasc, is dóchúla go ndéanfaidh siad amhlaidh.

I dtaighde barthábhachtach le Forrin et al. (2021), rinneadh tástáil ar an fheiniméan seo i suíomh ionsamhlaithe ranga. D'amharc na rannpháirtithe ar fhíseán in aice le duine éigin a léirigh ina chuid iompraíochta go raibh sé ag díriú airde, nó go raibh rud éigin ag cur isteach ar a chuid airde.
I dtaca leo siúd a bhí ina suí in aice le comhscoláire a bhí ag díriú airde, chaith siad féin níos mó ama ag díriú airde ar an fhísean agus leirigh siad



© InnerDrive Ltd.

gur choinnigh siad an t-ábhar ina gcuimhne níos fearr. I gcodarsnacht, i dtaca leo siúd a bhí ina suí in aice le comhscoláire ar cuireadh isteach ar an aird s’acu, bhí laghdú san aird s’acu féin agus sna torthaí s’acu i scrúduithe.

Is mór an impleacht atá aige seo do sheomraí ranga: thig leis an aird leathadh ar fud an ghrúpa. Ach múnla don fócas a léiriú agus rannpháiríocht i measc na bpríomhdhaltaí a chur chun cinn, thig le múinteoirí timpeallacht shóisialta a chruthú a chuireann le haird achan duine. Thiocfadh le dalta aireach amháin cuidiú a thabhairt le fócas na ndaoine eile atá thart orthu a ardú.



© InnerDrive Ltd.

## 2. PLEANANNA SUÍOCHÁN

D'fhéadfaí pleananna suíochán a úsáid mar straitéis amháin a chuidíonn leis na daltaí a chumasú le haird a dhíriú. Beidh leagan amach an tseomra ag brath ar an rud ar mhaith leat go ndíreodh na daltaí aird air (Wannarka agus Ruhl, 2008). Mar shampla, molann an fhianaise go mbíonn timpeallacht i bhfad níos ciúine ann má bhíonn na deasca i sraitheanna (Gremmen et al., 2016). Ós rud é nach mbíonn na daltaí ar aghaidh a chéile amach, ní chuirtear isteach ar an aird s'acu chomh mór sin, agus bíonn siad níos fócasaithe ar a gcuid oibre. I staidéar eile atá níos fócasaithe ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, fuair na taighdeoirí go raibh ardú in iompraíocht atá dírithe 'ar an tasc' nuair a bhí daltaí ina suí i sraitheanna, ó 35% go 70% (Wheldall agus Lam, 1986).

É sin ráite, molann an fhianaise gur dóchúla go mbíonn daltaí i mbun tobsmaointeoireachta agus obair ag níos fearr lena gcomhscoláirí má bhíonn siad ina suí i ngrúpaí beaga (Rosenfield et al., 1985). Tá comhréiteach ann atá in úsáid go coitianta: leathchiorcal/leagan amach crú capaill. I dtaca le daltaí bunscoile a shuigh de réir an leagan amach seo, fuair Marx, Furher agus Hartig (2000) gur chuir siad i bhfad níos mó ceisteanna, i gcomparáid leo siúd a shuigh i sraitheanna.

Nuair a dhéanann tú rogha agus tá a fhios agat an ea go mbeidh do rang ina suí i sraitheanna,
i ngrúpaí nó i leathchiorcail, cad é mar a roghnaíonn tú na háiteanna ina suífidh achan duine? Léirigh taighde go mbíonn daltaí trí huaire níos dóchúla le bheith ag cur isteach ar an rang má roghnaíonn siad a suíocháin féin, i gcomparáid le cásanna ina roghnaíonn an múinteoirí an plean suíochán (Bicard et al., 2012). B'fhéidir go bhfuil cúis taobh thiar de seo, .i. go suíonn daltaí in aice lena gcuid cairde de ghnáth, rud a spreagann iad le bheith ag labhairt níos mó agus gan a bheith dírithe ar an tasc.

Go hachomair, ní hamháin go mbaineann an fócas leis an duine aonair—rud sóisialta atá ann. Nuair a thuigeann múinteoirí an dinimic seo, ligeann sé sin dóibh a seomraí ranga a leagan amach ar bhealaí a chothaíonn an fócas comhroinnte.

## 3. TAISPEÁNTAIS RANGA

Bíonn timpeallachtaí ranga deartha sa dóigh is go mbíonn siad bríomhar, faisnéiseach agus spreagúil—ach is féidir le barraíocht den spreagadh cur



© InnerDrive Ltd.

isteach ar dhaltaí. Má bhíonn taispeántais ar na ballaí ina bhfuil barraíocht ag dul ar aghaidh, atá ródhaite, agus neamhbhainte leis an tasc atá ar siúl, thiocfadh leo cur isteach ar an aird, go háirithe i measc daltaí níos óige.

I dturgnamh rialaithe, rinne Fisher, Godwin agus Seltman (2014) fiosrú ar an tionchar a bhíonn ag maisiúchán an tseomra ranga ar an fhoghlaim.



© InnerDrive Ltd.

Rinne na daltaí ceachtanna i seomraí ranga a bhí maisithe go mór nó íostach. Bhí torthaí suntasacha ann: i seomraí maisithe, chaith na daltaí níos mó ama gan a bheith dírithe ar an tasc agus d'éirigh níos measa leo i measúnaithe foghlama.

In iarstaidéar le Godwin et al. (2016) díríodh ar ghníomhaíocht sa tseomra ranga i suíomhanna bunscolaíochta. Fuarthas go raibh sé níos dóchúla go gcuirtear isteach ar dhaltaí le linn ceachtanna nuair a bhí siad i dtimpeallachtaí ina raibh neart spreagthaí físiúla ann.
I seomraí ranga le a bhí rómhaisithe, bhí níos mó iompraíochta ag daltaí a bhí dírithe ar nithe eile seachas an tasc, rud a mholann go raibh a n-aird á tarraingt ar shiúl ón treoir a tugadh dóibh. Maidir le staidéir a rinneadh ar bhonn níos fadtéarmaí, is fiú a lua go mb'fhéidir go bhfaigheadh siad
go n-eiríonn na daltaí cleachta le seomraí ranga atá rómhaisithe agus ar an ábhar sin, go bhfuil an seans ann go mbíonn an tionchar ar an fhoghlaim ag ísliú le himeacht ama.

Tá na torthaí seo ag i gcomhréir leis an teoiric fá Ró-ualú Cognaíoch (Sweller 1988), rud a thugann chun suntais an dóigh ar féidir le hionchur neamhábhartha ró-ualach a chur ar an chuimhne fheidhmiúil. Nuair a chuireann taispeántais ar na ballaí isteach ar dhaltaí, fágann sin iad le níos lú acmhainní cognaíocha don fhoghlaim. Is gá cothromaíocht a bhaint amach idir dhá rud: seomra te tarraingteach a chruthú ina dhéantar ceiliúradh ar obair na ndaltaí agus tugtar leideanna cuidiúla, agus teorainn a chur le rudaí a chuireann isteach ar dhaltaí.

## SMAOINTÍ DEIREANACHA

Ní hamháin gur próiseas inmheánach é—ach imríonn tosca seachtracha tionchar ar go mór, amhail dinimicí cumhachta idir chomhscoláirí, leagan amach an tseomra agus cibé rud atá i radharc na ndaltaí. Nuair a aithníonn oideoirí an dóigh ina mbíonn na hathróga seo ag idirghníomhú lena chéile, thiocfadh leis sin cuidiú leo tuigbheáil a fháil ar an fháth a mbíonn sé deacair ar roinnt daltaí aird a dhíriú
ar feadh tréimhsí fada. Nuair a thacaítear leis an aird d'aon turas, bíonn daltaí cumasaithe níos fearr le heolas a thabhairt isteach, próiseáil a dhéanamh air go fiúntach, agus ar deireadh, bíonn siad ábalta a bheith rathúil go hacadúil agus go sóisialta.



© InnerDrive Ltd.

Department of Education
InnerDrive

## TAGAIRTÍ


Bicard, D., Ervin, A., Bicard, S., & Baylot-Casey, L. (2012). Differential effects of seating arrangements on disruptive behavior of fifth grade students during independent seatwork. *Journal of applied behavior analysis*, 45(2), 407-411.

Fisher, A., Godwin, K., & Seltman, H. (2014). Visual environment, attention allocation, and learning in young children: When too much of a good thing may be bad. *Psychological Science*, 25(7), 1362-1370.

Forrin, N., Huynh, A., Smith, A., Cyr, E., McLean, D., Siklos-Whillans, J., Risko, E., Smilek, D., & MacLeod, C. (2021). Attention spreads between students in a learning environment. *Journal of Experimental Psychology: Applied*, 27(2), 276-291.

Godwin, K., Almeda, M., Seltman, H., Kai, S., & Fisher, A. (2016). Classroom activities and off-task behaviour in elementary school children.
*Learning and Instruction*, 44, 128-143.

Gremmen, M., van den Berg, Y., Segers, E., & Cillessen, A. (2016). Considerations for classroom seating arrangements and the role of teacher characteristics and beliefs. *Social Psychology of Education*, 19(4), 749-774

Marx, A., Furher, U. & Hartig, T. (2000) Effects of classroom seating arrangements on children's question-asking. *Learning Environment Research*, 2, 249-263.

Rosenfield, P., Lambert, N. & Black, A. (1985) Desk arrangement effects on pupil classroom behaviour. *Journal of Educational Psychology*, 77, 1, 101-108.

Sweller, J. (1988). Cognitive load during problem solving: Effects on learning. Cognitive Science, 12(2), 257-285. https://doi.org/10.1207/ s15516709cog1202_4

Wannarka, R., & Ruhl, K. (2008). Seating arrangements that promote positive academic and behavioural outcomes: A review of empirical research. *Support for Learning*, 23(2), 89-93

Wheldall, K., & Lam, Y. (1987). Rows versus Tables. II. The Effects of Two Classroom Seating Arrangements on Classroom Disruption Rate, On-task Behaviour and Teacher Behaviour in Three Special School Classes.





© InnerDrive Ltd.

*Educational Psychology*, 7(4), 303–312.



© InnerDrive Ltd.

# TAGAIRTÍ BREISE

### *Blaganna*

Attention Contagion: Can attention spread among students?
https://www.innerdrive.co.uk/blog/attention-contagion/

6 Ways to grab student attention
https://www.innerdrive.co.uk/blog/keep-my-students-attention/

Why are students so easily distracted?
https://www.innerdrive.co.uk/blog/students-easily-distracted/

Can Metacognition reduce mind wandering?
https://www.innerdrive.co.uk/blog/metacognition-mind-wandering/

### *Leabhar*

*Do I Have Your Attention* (2025) by Blake Harvard
https://amazon.co.uk/Attention-Understanding-Constraints-Maximizing-Learning/dp/1032750278

### *Podchraoladh*

Do I Have Your Attention with Blake Harvard. *Becoming Educated*
https://open.spotify.com/episode/3KZ8JUYerj43dEfv7bvzit



© InnerDrive Ltd.

InnerDrive

RÓL AIRD NA NDALTAÍ

© InnerDrive Ltd.

Department of Education

www.education-ni.gov.uk